# Lúbraí

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás - suíomh, gluaiseacht agus treo<br>Naisc *Thrachuraclaim – Teanga agus Litearthacht, An Domhan Thart Orainn, Corpoideachas* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• obair s'acu a phleanáil agus a eagrú, ag foghlaim le hoibriú go córasach<br>• réimse straitéisí a fhorbairt le haghaidh réiteach fadhbanna, ag lorg dóigheanna le deacrachtaí a shárú<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• eolas agus torthaí a chur i láthair go soiléir<br>• teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid lena gcuid oibre a phlé agus a smaointeoireacht a mhíniú |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | focail shuímh, chun tosaigh, siar, tuaisceart, deisceart, oirthear iarthar, ceathrú casaidh, leathchasadh, casadh trí cheathrú, céimeanna |
| **Áiseanna** | compás, páipéar cearnógach, lúbraí samplacha ar chúlraí cearnógacha le réitigh |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

Pléigh coincheap an lúbra leis na daltaí agus amharc ar shamplaí éagsúla ó fhoinsí éagsúla, mar shampla pictiúir, leabhair, teilifís. Téigh siar ar theanga an treo mar mhodh le daltaí a spreagadh le treoir a thabhairt dá chéile le lúbra a fhágáil, áit ar leith sa lúbra a bhaint amach, mar shampla bog chun tosaigh, trí chearnóg, tiontaigh ceathrú casaidh ar chlé.

Oibríonn daltaí i mbeirteanna le lúbraí a chruthú dá chéile lena réiteach ar pháipéar cearnógach. Ní mór don té a réitíonn an lúbra na treoracha a d’úsáid sé/sí a thaifeadadh.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Má bhog mé trí chearnóg chun tosaigh, cá bhfuil mé?<br>• Tá mé ag amharc siar ó dheas. Casaim 180° tuathal. Cén treo ina bhfuil mé ag amharc anois?<br>• Cad é a tharlaíonn má chasaim ceathrú casaidh deiseal agus mé ag amharc ó thuaidh?<br>• Cá mhéad céim idir oirdheisceart agus tuaisceart ag bogadh tuathal? | • Cén dóigh ar féidir linn pointe x sa lúbra a bhaint amach?<br>• Inis dom faoi do thuras tríd an lúbra. |


## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.


Is féidir cineál agus stíl an lúbra a shocrú de réir ábaltacht an dalta, mar shampla cruth, líon na dtreoracha atá de dhíth.

Is féidir treoracha a chur i láthair ar dhóigheanna difriúla de réir ábaltacht. Mar shampla, teanga na gluaiseachta agus an treo - is féidir bog chun tosaigh trí chéim a bheith mar bog trí chearnóg ó thuaidh agus cas 90 céim deiseal. Is féidir céim an chasaidh a shocrú de réir ábaltacht an dalta.


## Lúbra 1




## Lúbra 2




## Lúbra 3




## Lúbra 1



## Lúbra 2



## Lúbra 3



Cruthaigh do lúbra féin anseo.

Cruthaigh do lúbra féin anseo.

Cruthaigh do lúbra féin anseo.

| | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | |